

ACHT

**lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Dlí maidir le Rialú Substaintí
Támhshuanacha agus Réamhtheachtaithe**

(arna fógairt in Iris Stáit (SG) eagrán Uimh. 30 ó 1999; arna leasú le SG eagrán Uimh. 63 ó 2000, SG eagrán Uimh. 74, Uimh. 75 agus Uimh. 120 ó 2002, SG eagrán Uimh. 56 ó 2003, SG eagrán Uimh. 76, 79 agus 103 ó 2005, SG eagrán Uimh. 30, Uimh. 75 agus Uimh. 82 ó 2006, SG eagrán Uimh. 31 agus Uimh. 55 ó 2007, SG eagrán Uimh. 36, 43 agus 69 ó 2008, SG eagrán Uimh. 41, 74, 82 agus 93 ó 2009, SG eagrán Uimh. 22 ó 2010; arna leasú, SG eagrán Uimh. 23 de 2010; arna leasú in SG eagrán Uimh. 29, 59 agus 98 ó 2010, SG eagrán Uimh. 8, 12, 60, agus 61 ó 2011, SG eagrán Uimh. 83 agus Uimh. 102 ó 2012, SG eagrán Uimh. 52, 68 agus 109 ó 2013, SG eagrán Uimh. 53 ó 2014, SG eagrán Uimh. 14 ó 2015, SG eagrán Uimh. 42 agus 58 ó 2016, SG eagrán Uimh. 58, 63, 92, agus 103 ó 2017, SG eagrán Uimh. 1, 17, 84, agus 102 ó 2018, SG eagrán Uimh. 24 ó 2019 agus SG eagrán Uimh. 60 agus 105 ó 2020 agus SG eagrán Uimh. 102 ó 2022)

§ 1. Déantar Airteagal 29 a leasú agus a fhorlíonadh mar a leanas:

1. Leasaítear fomhír 1, mar a leanas:

‘(1) Beidh saothrú plandaí cnáibe (cannabas) atá beartaithe chun táirgí a tháirgeadh gan éifeachtaí sícighníomhacha ina bhfuil níos lú ná 1 (aon) faoin gcéad de theitrihidreacannaibionól de réir meáchain faoi réir údarú ón Aire Talmhaíochta. Leagfar síos téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le húdarú a dheonú agus a tharraingt siar agus le margaíochta agus rialaithe trí Ordanás ón Aire Talmhaíochta.’

2. Cuirtear isteach míreanna 2 agus 3 nua:

‘(2) Beidh próiseáil plandaí cnáibe (cannabas) atá beartaithe chun táirgí neamhshícighníomhacha a tháirgeadh inaa bhfuil níos lú ná 1 (aon) faoin gcéad de theitrihidreacannaibionól de réir meáchain, lena n-áirítear leá, brúite, meilt, teaschoireáil, triomú, eastóscadh, fáisceadh agus próisis eile, nó teaghlaim de na próisis sin, faoi réir údarú ón Aire Talmhaíochta. Leagfar síos san Ordanás dá dtagraítear i mír 1 na téarmaí agus na coinníollacha maidir le húdarú, margaíocht agus rialú a dheonú agus a tharraingt siar.

(3) Chun críocha an Achta seo, déanfar cion teitrihidreacannaibionóil plandaí den ghéineas cnáib (cannabas) a chinneadh i nduilliúr, bláth agus leideanna torthaí na bplandaí.’

3. Déanfar mír 4 de shean-mhír 2.

4. Déantar mír 5 de shean-mhír 3 agus cuirtear ‘mír 4’ in ionad na bhfocal ‘mír 2’.

5. Déantar míreanna 6 agus 7 de shean-mhíreanna 4 agus 5 faoi seach.

§ 2. Cuirtear ‘seachas plandaí agus táirgí a dhíorthaítear óna bpróiseáil faoi Airteagal 29’ isteach ag deireadh na habairte in Airteagal 30.

§ 3. Sna forálacha Forlíontacha, déanfar § 1 a leasú agus a fhorlíonadh mar a leanas:

1. Ag deireadh ítim 2, cuirfear isteach an frása ‘ina bhfuil cion is mó ná 1 (aon) faoin gcéad de réir meáchain de theitrihidreacannaibionól’.

2. Leasaítear fomhír 3, mar a leanas:

‘3. ‘Ciallaíonn “hashish” roisín dí-scartha go meicniúil ón bplanda cnáibe nó an planda cnáibe féin ina bhfuil níos mó ná 1 (aon) faoin gcéad de réir meáchain de theitrihidreacannaibionól, atá faoi chóireáil mheicniúil, agus dá thoradh sin ní féidir a chodanna aonair a idirdhealú.’

Forálacha críochnaitheacha

§ 4. Faoin 31 Nollaig 2023, déanfaidh an tAire Talmhaíochta an Ordanás dá dtagraítear in Airteagal 29(1) a thabhairt i gcomhréir leis an Acht seo agus leis an nós imeachta chun an cion teitrihidreacannaibionóil a chinneadh de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52).